CRAINN

Tá crainn ar na plandaí is sine agus is faide saoil ar an bplainéad. Tá an-tábhacht ag baint leo maidir leis an gcomhshaol a choinneáil sláintiúil. Ionsúann siad isteach an dé-ocsaíd charbóin agus cruthaíonn siad ocsaigin a thugann dúinn aer glan sláintiúil um análú. Cothaíonn siad an ithir leis na seanduilleoga agus cuidíonn siad le foinsí uisce a choinneáil glan.

Tá sé deacair aois an chrainn a mheas agus é fós beo. Is féidir tuairim a thabhairt faoin aois má fhéachann tú ar leithead an stoic (fásann crainn éagsúla ar luais éagsúla). Gach bliain, cruthaíonn an crann fáinne nua fáis, agus fásann an stoc níos leithne agus níos leithne fós. Mar sin, má dhéanann tú na fáinní ar stoc leagtha a chomhaireamh, féadfaidh tú an aois a thomhas.

Aimsigh na crainn dúchais Éireannacha i bPáirc Chaisleán Chill Chainnigh sa chuardach focal thíos:

An BHEITH
An CRANN SCEACH
An DAIR
An EO
An SAILEACH
An CAORTHANN
An FHUINSEOG
An PÉINE ALBANACH

B	A	O	C	R	A	N	N	S	C	E	A	C	H
H	S	A	I	L	E	A	C	H	L	T	E	D	U
E	N	H	B	E	D	E	M	B	E	D	A	I	R
I	E	C	A	O	R	T	H	A	N	N	H	D	N
T	O	L	C	A	F	H	U	I	N	S	E	O	G
H	R	P	U	T	O	R	I	T	D	C	M	R	A
P	É	I	N	E	A	L	B	A	N	A	C	H	O

An raibh a fhios agat……?



Is seanfhoirm scríobhnóireachta in Éirinn é Ogham, ón 4ú haois, agus faightear é greanta ar ghalláin chloiche. Bhí fiche litir san aibítir seo, gach ceann díobh ag léiriú fuaime sa Ghaeilge Mhoch. Bhí cuid de na litreacha san aibítir bunaithe ar chrainn – mar shampla: A (*Ailm*) An Péine Albanach, B (*Beith*) An Bheith agus C (*Coll*) An Choll.

Bhí an-tábhacht ag baint le crainn in Éirinn fadó. Is mó logainm in Éirinn atá bunaithe ar chrainn agus ar choillte. Tagann Doire agus Cill Dara ón *Dair;* tagann Maigh Eo ón *Eo;* agus tagann Crannach, barúntacht i gCo. Chill Chainnigh ó *Crann.*

Is dóichí gurbh é an crann beo is sine in Éirinn ná Crann Eo Thomáis an tSíoda, i Maigh Nuad, Co. Chill Dara – meastar go bhfuil sé thart faoi 800 bliain d'aois!

Smaoinigh ar an gcrann is fearr leat. Cad is maith leat faoi? Tarraing é sa bhosca thíos!

Lion na bearnaí leis na focail thíos!

BIA	PRÉAMHACHA	BITHÉAGSÚLACHT
STOC	COIRT	SÍORGHLAS

Tugtar crainn inlomtha ar chrainn a chailleann duilleoga sa bhFómhar (an dair, an fhuinseog); ar na crainn a choinníonn duilleoga an bhliain ar fad (an cuileann, an eo) tugtar _____.

Tugann crainn bia agus fothain d'ainmhithe, éin agus míoltóga agus cothaionn siad _____.

Is é an _____ an chuid is láidre den chrann; cruthaíonn sé agus tacaíonn sé na craobhacha.

Táirgíonn na duilleoga glasa _____ don chrann le solas na gréine. Tugtar fótasintéis air seo.

A tree gets water from the ground through its _____.

Faigheann crann uisce ón dtalamh trí na _____.

Tá stoc an chrainn clúdaithe le _____ a chosnaíonn an crann ón gcomhshaol agus ón ngalar.

Tugtar 'nemophilist' ar dhuine a bhfuil grá acu ar chrainn agus ar choillearnaigh. An duine díobh sin tusa?